Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 18 Aibreán 2023
(OR. en)

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0170(COD)**

**7846/23**
**ADD 1 REV 1**

**CODEC 488**
**CONSOM 109**
**MI 248**
**COMPET 273**
**DIGIT 56**
**CYBER 70**
**CHIMIE 30**
**JAI 368**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le sábháilteacht ghinearálta táirgí, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Treoir 87/357/CEE ón gComhairle agus Treoir 2001/95/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh<br>= Ráitis |

**Ráiteas ón Ungáir**

I gcomhréir le dlí bunúsach na hUngáire agus leis an dlí príomha, le prionsabail agus luachanna an Aontais Eorpaigh, chomh maith leis na gealltanais agus na prionsabail a eascraíonn as an dlí idirnáisiúnta, aithníonn an Ungáir an comhionannas idir fir agus mná agus cuireann sí an comhionannas sin chun cinn. Thairis sin, is mar luach bunúsach atá an comhionannas idir mná agus fir cumhdaithe i gConarthaí an Aontais Eorpaigh. I gcomhréir leis an méid sin agus lena reachtaíocht náisiúnta, sa Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le sábháilteacht ghinearálta táirgí, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir (AE) 2020/1828 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 2001/95/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir 87/357/CEE ón gComhairle, is é an léiriú atá ag an Ungáir ar an gcoincheap ‘inscne’ ná tagairt do ‘gnéas’ agus ar an gcoincheap ‘comhionannas inscne’ ná tagairt do ‘chearta comhionanna, deiseanna comhionanna agus comhdheiseanna a chur ar fáil do mhná agus d’fhir’.

**Ráiteas ón Danmhairg, ón bhFrainc, ón nGearmáin agus ón Spáinn**

Tacaíonn an Danmhairg, an Fhrainc, an Ghearmáin agus an Spáinn go hiomlán le spriocanna an Rialacháin maidir le Sábháilteacht Ghinearálta Táirgí, agus is díol sásaimh dóibh go bhfuil an reachtaíocht maidir le sábháilteacht táirgí á tabhairt cothrom le dáta agus á feabhsú chun a chinntiú go mbeidh sí ag teacht leis an réaltacht nua dhigiteach agus theicneolaíoch.

Mar sin féin, bhíomar ag súil le leibhéal níos airde uaillmhéine maidir le rialáil a dhéanamh ar ról na soláthraithe margaí ar líne chun cosc a chur ar tháirgí contúirteacha ar tugadh fógra ina leith cheana féin a bheith ar an margadh arís.

Le 10 mbliana anuas, tá fás tapa tagtha ar ról na soláthraithe margaí ar líne i ndáileadh táirgí isteach i margadh an Aontais. Cé go bhfuil gealltanais dheonacha agus beartais inmheánacha ag cuid acu atá dírithe ar shábháilteacht táirgí agus gur gnách leis an gcuid is mó acu táirgí neamhshábháilte a bhaint nuair a chuirtear ar an eolas iad, is rómhinic a thagann siad chun cinn arís agus is léir nach bhfuil na huirlisí atá ann cheana éifeachtach go leor chun sin a chosc. Léiríonn sé sin timpeallacht chasta dhúshlánach forfheidhmiúcháin tomhaltóirí a éilíonn cur chuige níos réamhghníomhaí, lena mbainfí úsáid níos fearr as na féidearthachtaí a chuirtear ar fáil leis an teicneolaíocht chun seiceálacha randamacha *ex ante* a dhéanamh ar bhealach uathoibríoch.

Dá bhrí sin, déanfaimid dlúthfhaireachán ar chur chun feidhme an Rialacháin maidir le Sábháilteacht Ghinearálta Táirgí i gcomhréir leis an nGníomh um Sheirbhísí Digiteacha agus táimid ag súil go ndéanfar freagrachtaí breise do sholáthraithe margaí ar líne maidir le sábháilteacht táirgí a mheas i dtograí amach anseo.